



Banc Ceannais na hÉireann  
Central Bank of Ireland

Eurosystem

# Banc Ceannais na hÉireann

## Scéim Teanga 2019 - 2022

# Clár

Scéim Teanga Bhanc Ceannais na hÉireann 2019 - 2022.....	4
--	---

Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra .....	4
--------------------------------------	---

1.1 Réamhrá .....	4
-------------------	---

1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime .....	4
---------------------------------------	---

1.3 Próiseas Comhairliúcháin.....	5
-----------------------------------	---

1.4 Cuspóirí an Tríú Scéim.....	5
---------------------------------	---

1.5 Dáta tosaithe na Scéime .....	5
-----------------------------------	---

Caibidil 2: Athbhreithniú ar an Dara Scéim Teanga .....	5
---	---

Caibidil 3: Forbhreathnú ar an mBanc Ceannais.....	6
--	---

3.1 Misean.....	6
-----------------	---

3.2 Cad a dhéanaimid.....	6
---------------------------	---

3.3 Ár nGeallsealbhóirí.....	6
------------------------------	---

Caibidil 4: Achoimre ar na Seirbhísí Gaeilge a chuirfear ar fáil faoin Scéim seo .....	6
--	---

4.1 Leanúint leis na Gealltanais atá anois ann .....	7
--	---

4.1.1 An Chéad Phointe Teagmhála .....	7
--	---

4.1.2 Cumarsáid Sheachtrach.....	7
----------------------------------	---

4.1.3 Foilseacháin.....	8
-------------------------	---

4.1.4 Seirbhísí Airgeadra.....	8
--------------------------------	---

4.1.5 Suíomhanna Gréasáin an Bhainc Ceannais.....	8
---	---

4.2 Gealltanais Leasaithe.....	8
--------------------------------	---

4.2.1 Cumarsáid Sheachtrach.....	9
----------------------------------	---

4.3 Gealltanais Bhreise Nua ón Dara Scéim .....	9
---	---

4.3.1 Foilseacháin.....	9
-------------------------	---

4.3.2 An Príomh-Chlár Creidmheasa (CCR) .....	9
---	---

4.3.3 Cumarsáid Sheachtrach.....	9
----------------------------------	---

4.3.4 An tIonad Cuairteoirí ar Champas na nDugaí .....	10
--	----

4.3.5 Suíomhanna Gréasáin .....	10
---------------------------------	----

4.3.6 Catalóg Chartlainne an Bhainc Ceannais .....	10
--	----

<b>4.4</b>	<b>Gealltanais Nua .....</b>	<b>10</b>
4.4.1	Cumarsáid Sheachtrach.....	10
4.4.2	Foilseacháin.....	10
4.4.3	Seirbhísí Airgeadra.....	10
4.4.4	Gearáin .....	11
4.4.5	An Chairt Custaiméirí.....	11
4.4.6	Carlanna .....	11
<b>4.5</b>	<b>Seirbhísí nach bhfuil ar fáil i nGaeilge .....</b>	<b>11</b>
<b>Caibidil 5: Feabhas a chur ar Sholáthar Seirbhísí Gaeilge sa Ghaeltacht.....</b>		<b>11</b>
5.1	Comhair Chreidmheasa sa Ghaeltacht .....	11
<b>Caibidil 6: Cumas Teanga a Fheabhsú .....</b>		<b>12</b>
6.1	Earcaíocht .....	12
6.2	Oiliúint agus Forbairt.....	12
6.2.1	Oiliúint sa Ghaeilge.....	12
6.2.2	Cumas Teicniúil sa Ghaeilge le haghaidh Cigireachtaí .....	12
6.2.3	Grúpa Sóisialta Foirne.....	12
6.3	Seirbhísí Aistriúcháin.....	13
<b>Caibidil 7: Faireachán agus Athbhreithniú.....</b>		<b>13</b>
<b>Caibidil 8: Foilsiú na Scéime seo.....</b>		<b>13</b>
8.1	An Pobal.....	13
8.2	Cumarsáid Inmheánach .....	14

# Scéim Teanga Bhanc Ceannais na hÉireann 2019 - 2022

Sa doiciméad seo, leagtar amach sonraí an tríú Scéim Teanga de chuid Bhanc Ceannais na hÉireann, mar a cheanglaítear faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla (an tAcht). Áirítear leis sin achoimre ar ghealltanais an Bhainc Ceannais maidir le soláthar seirbhísí i nGaeilge agus athbhreithniú ar Scéim Teanga 2016 – 2019, an dara Scéim Teanga de chuid an Bhainc Ceannais.

## Caibidil 1: Réamhrá agus Cúlra

### 1.1 Réamhrá

D'ullmhaigh an Banc Ceannais an tríú Scéim Teanga seo (an Scéim) faoi Alt 15 den Acht. Foráiltear san Acht go n-ullmhóidh comhlachtaí poiblí scéim teanga ina sonrú na seirbhísí a sholáthróidh siad:

- trí mheán na Gaeilge
- trí mheán an Bhéarla
- trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla

mar aon leis na bearta a bheidh le glacadh chun a áirithiú go soláthrófar, trí mheán na Gaeilge, aon seirbhís nach bhfuil ar fáil trí Ghaeilge cheana féin, laistigh de fhráma ama comhaontaithe.

I gcomhréir le halt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse trí bliana nó go dtí go ndaingneoidh an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta scéim nua, cibé ceann is déanaí.

### 1.2 Ullmhú agus Ábhar na Scéime

Agus an scéim seo á hullmhú, tugadh aird chuí ar na Treoirínte arna n-eisiúint ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Sa bhreis air sin, bhí próiseas cuimsitheach comhairliúcháin ann le geallsealbhóirí ábhartha, mar a leagtar amach sa Scéim seo.

Glacann an Banc Ceannais treoir ón bprionsabal gur cheart soláthar seirbhísí Gaeilge a bhunú ar na nithe seo:

- An leibhéal éilimh ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge
- An tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i dtaca le soláthar na seirbhísí sin
- Na hacmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus acmhainní airgeadais, agus acmhainn an Bhainc Ceannais an cumas teanga riachtanach a fhorbairt nó teacht ar an gcumas sin.

Leis an Scéim seo, comhlánaítear prionsabail ár Cairte Custaiméirí. Ceapadh í lena áirithiú go ndíreofaí an Banc Ceannais ar na hoibleagáidí ábhartha uile faoin Acht ar bhonn breisiúch, tríd an scéim seo agus trí scéimeanna amach anseo.

Tá an scéim seo bunaithe ar an tuiscint gur cuireadh na gealltanais uile in aon scéim roimhe seo i bhfeidhm.

### 1.3 Próiseas Comhairliúcháin

Thug an Banc Ceannais faoi phróiseas comhairliúcháin phoiblí mar chuid den ullmhúchán don scéim seo. Mar a cheanglaítear faoi alt 13 den Acht, cuireadh fógra in dhá nuachtán náisiúnta. Chomh maith leis sin, cuireadh fógra ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais agus ar an suíomh gréasáin [www.tuairisc.ie](http://www.tuairisc.ie). Tá ábhar na Scéime seo bunaithe ar na haighneachtaí a fuarthas mar chuid den chomhairliúchán poiblí sin.

Sa bhreis air sin, tugadh faoi phróiseas rannpháirtíochta ar fud na heagraíochta chun bonn faisnéise a chur faoi fhorbairt na Scéime seo.

### 1.4 Cuspóirí an Tríú Scéim

Tá sé mar aidhm ag an mBanc Ceannais feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí Gaeilge san eagraíocht le linn shaolré an tríú Scéim. Leis an Scéim seo, cuirtear le líon na seirbhísí atá ar fáil cheana féin trí Ghaeilge mar thoradh ar an dara Scéim. Sa Scéim, aithnítear réimsí eile ina bhféadfar feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí trí Ghaeilge agus áirítear inti tionscnaimh chun seirbhísí atá ar fáil cheana féin trí Ghaeilge a dhéanamh níos feiceálaí don phobal. Glacfaidh an Banc Ceannais air féin faireachán a dhéanamh ar an éileamh ón bpobal ar sheirbhísí trí Ghaeilge le linn thréimhse na Scéime.

### 1.5 Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Cuirfear tús léi amhail ó 8ú Aibreán 2019 agus fanfaidh sí i bhfeidhm go ceann thréimhse 3 bliana ón dáta sin nó go dtí go ndaingneofar scéim nua, cibé ceann is déanaí.

## Caibidil 2: Athbhreithniú ar an Dara Scéim Teanga

Agus úllmhúchán á dhéanamh don Scéim seo, rinne an Banc Ceannais athbhreithniú ar an dara Scéim de chuid na heagraíochta. Bhain príomhghéalltanais na Scéime sin le cumarsáid an Bhainc Ceannais leis an bpobal. Comhlíonadh gach géalltanais seachas an géalltanais go bhfoilseofaí ailt Ghaeilge go rialta in iris thréimhsiúil na foirne 'Newsleaf'. Cé gur foilsíodh dhá eagrán de Newsleaf ó bhí 2016 ann, cuireadh deireadh le foilsiú na hirise ó Earrach 2017.

Cuireadh tús le roinnt tionscnaimh Ghaeilge nua le linn shaolré an dara Scéim. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil faoi na tionscnaimh sin i gCaibidil 4 den doiciméad seo.

## Caibidil 3: Forbhreathnú ar an mBanc Ceannais

### 3.1 Misean

Freastalaíonn an Banc Ceannais ar leas an phobail trí chobhsaíocht airgeadaíochta agus airgeadais a choimirciú agus trína áirithiú go bhfuil an córas airgeadais ag feidhmiú ar mhaithe le leas na dtomhaltóirí agus leas an gheilleagair níos leithne.

### 3.2 Cad a dhéanaimid

Le linn dó a fheidhmeanna a chomhall agus a chumhachtaí a fheidhmiú mar chuid den Chóras Eorpach Banc Ceannais, tá sé mar phríomhchuspóir ag an mBanc Ceannais cobhsaíocht praghsanna a choimeád ar bun.

Tá na cuspóirí reachtúla seo a leanas ag an mBanc Ceannais freisin:

- Cobhsaíocht Airgeadais – cobhsaíocht an chórais airgeadais ina iomláine
- Réiteach – deacrachtaí airgeadais in institiúidí creidmheasa, i ngnólachtaí infheistíochta agus i gcomhair chreidmheasa áirithe a réiteach
- Rialáil Airgeadais – rialáil chuí, éifeachtach a dhéanamh ar institiúidí agus ar mhargaí airgeadais, agus é á chinntiú ag an am céanna go gcosnaítear tomhaltóirí seirbhísí airgeadais
- Íocaíochtaí, Socraíochtaí agus Airgeadra – Feidhmiú éifeachtach, éifeachtúil na gcóras íocaíochta agus socraíochta
- Anailís Eacnamaíoch agus Staidreamh – anailís agus trácht a chur ar fáil d'fhonn tacú le forbairt beartais náisiúnta eacnamaíoch
- Cibé feidhmeanna agus cumhachtaí eile arna dtabhairt don Bhanc Ceannais le dlí a chomhall, lena n-áirítear oibriú an Phríomh-Chláir Creidmheasa, na Scéime Ráthaíochta Taiscí agus an Chiste Cúitimh Árachais.

### 3.3 Ár nGeallsealbhóirí

Is iad seo a leanas príomh-gheallsealbhóirí an Bhainc Ceannais:

- An pobal
- Tomhaltóirí táirgí agus seirbhísí airgeadais
- An Rialtas agus comhaltaí Thithe an Oireachtais
- Tionscal rialáilte seirbhísí airgeadais
- An tEurochóras agus comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile.

## Caibidil 4: Achoimre ar na Seirbhísí Gaeilge a chuirfear ar fáil faoin Scéim seo

Leis an scéim seo, táthar ag iarraidh cur leis an dul chun cinn a rinneadh leis an dara scéim i dtaca leis an soláthar seirbhísí agus an réimse seirbhísí a chuirfear ar fáil le linn thréimhse na Scéime. Sa Scéim seo, leagtar amach gealltanais thar ceann an Bhainc Ceannais agus na foirne

chun forbairt a dhéanamh ar mhéid na seirbhísí atá ar fáil trí mheán na Gaeilge faoi láthair agus sainaitnítear réimsí a a bheidh le feabhsú amach anseo.

Tugtar achoimre thíos ar na gealltanais a dtabharfaidh an Banc Ceannais fúthu le linn thréimhse na Scéime seo. Is féidir na gealltanais sin a rangú mar seo:

1. Gealltanais ón dara Scéim atá le coimeád
2. Gealltanais faoin dara Scéim, ar gealltanais iad a rinneadh a leasú
3. Gealltanais bhreise a glacadh le linn thréimhse an dara scéim, ar gealltanais iad atá le coimeád
4. Gealltanais nua.

## 4.1 Leanúint leis na Gealltanais atá anois ann

Leagtar amach thíos na gealltanais faoin dara scéim a leanfar leo faoin Scéim nua seo.

### 4.1.1 An Chéad Phointe Teagmhála

- (a) **Foireann Lasc-chláir agus Fáiltithe**  
Beidh an fhoireann lasc-chláir agus fáiltithe san fháiltiú poiblí sna hoifigí ag Cé an Phoirt Thuaidh (NWQ) fós eolach ar na gnáthbheannaithe Gaeilge a úsáidtear le custaiméirí agus beidh socruithe oiriúnacha i bhfeidhm chun cur ar a gcumas custaiméirí a atreorú gan mhoill chuig pé oifig nó oifigeach atá freagrach as an tseirbhís ábhartha a chur ar fáil trí Ghaeilge.
- (b) **Idirbhearta Bainc**  
Beidh cainteoir Gaeilge fós ar fáil do dhaoine den phobal ar mian leo a n-idirbhearta baincéireachta a dhéanamh trí Ghaeilge (e.g. nótaí bainc agus boinn Éireannacha a mhalartú ar euro) ag Seirbhís Airgeadóra an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh. Déanfar an tseirbhís sin a chur chun cinn trí bhíthin comharthaí.
- (c) **Líne chabhrach**  
Leis an líne chabhrach um theagmhálacha poiblí, leanfar de fhreastal ar na daoine sin den phobal ar mian leo a ngnó leis an mBanc Ceannais a dhéanamh trí Ghaeilge. Tá sonraí teagmhála don líne chabhrach ar fáil ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais ([www.centralbank.ie](http://www.centralbank.ie)).

### 4.1.2 Cumarsáid Sheachtrach

- (a) **Leabhráin Chorparáideacha**  
Aon leabhráin nua chorparáideacha a fhoilseofar ar an suíomh gréasáin nó i gcóip chrua, ar leabhráin iad a bheidh dírithe ar an bpobal agus ina gcuirfear síos ar obair an Bhainc Ceannais, beidh siad fós ar fáil go dátheangach agus, nuair is féidir, laistigh d'aon chlúdach amháin. Mar shampla, d'fhoilsigh an Banc Ceannais leabhrán dátheangach chun ceiliúradh a dhéanamh ar an gcomóradh 75 bliain.
- (b) **Ríomhphoist**

Leanfar den séanadh ar gach ríomhphost amach a fhoilsiú go dátheangach.

### 4.1.3 Foilseacháin

Sa bhreis ar na doiciméid a cheanglaítear a fhoilsiú go comhuaineach sa dá theanga mar a leagtar amach in Alt 10 den Acht, leanann an Banc Ceannais de ghealltanais a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) **An tAthbhreithniú Macra-Airgeadais**  
Beidh leagan Gaeilge den Réamhra agus den Fhorbhreathnú fós sa phríomhfhoilseachán den Athbhreithniú Macra-Airgeadais leathbhliantúil.
- (b) **Faisnéis Ráithiúil**  
Leanfar de leagan Gaeilge den Timpeallacht Gheilleagrach a fhoilsiú laistigh den phríomhfhoilseachán Béarla den Fhaisnéis Ráithiúil.

### 4.1.4 Seirbhísí Airgeadra

- (a) **Gnéithe Slándála Nótaí Bainc**  
Leanfar de leaganacha dátheangacha d'ábhar faisnéise maidir le gnéithe slándála nótaí bainc a chur ar fáil ag ócáidí réamhsheolta. Beidh an t-ábhar ar fáil don phobal freisin ag fáiltiú an Bhainc Ceannais ag Cé an Phoirt Thuaidh agus ón Lárionad Airgeadara arna iarraidh sin.
- (b) **Boinn Inbhailithe**  
Leanfar de bhróisiúir na mbonn inbhailithe a fhoilsiú go dátheangach. Is féidir boinn inbhailithe agus foirne bonn a ordú trí shuíomh gréasáin sonrach na mbonn inbhailithe ([www.collectorcoins.ie](http://www.collectorcoins.ie)). Seoladh an suíomh gréasáin i Lúnasa 2017 agus tá feidhmíocht Ghaeilge ann. Leanfar de dheimhnithe barántúlachta dátheangacha a eisiúint mar iatáin le boinn inbhailithe.
- (a) **Foirmeacha Malairte Airgeadra**  
Maidir le foirmeacha ordaithe dátheangacha a bhaineann le malartú nótaí bainc agus bonn, beidh na foirmeach sin fós ar fáil ar an leagan Gaeilge agus ar an leagan Béarla d'ár suíomh gréasáin, ar leaganacha ar leithligh iad.

### 4.1.5 Suíomhanna Gréasáin an Bhainc Ceannais

- (a) Beidh cumas dátheangach agus ábhar dátheangach ionsuite fós in aon fhorbairt a dhéanfar ar shuíomhanna gréasáin nua nó in aon athfhorbairt ar shuíomh gréasáin atá ann faoi láthair, ar shuíomhanna iad a úsáidtear chun seirbhísí a chur ar fáil don phobal i gcoitinne, lena n-áirítear córais idirghníomhacha.

Sa bhreis air sin, beidh feidhm fós ag na gealltanais a thugtar i gcaibidil 5 agus i gcaibidil 6 a leanas, ar gealltanais iad a bhí san áireamh sa dara Scéim.

## 4.2 Gealltanais Leasaithe

San alt seo, leagfar amach sonraí na ngealltanais faoin dara Scéim, ar gealltanais iad a dhéanfar a leasú faoin Scéim nua seo.



### 4.2.1 Cumarsáid Sheachtrach

(a) **Preaseisiúintí**

Cuirtear an bhéim sa Scéim seo ar thuilleadh ábhar preaseisiúna a aistriú a dhírítear go sonrach ar an bpobal. Dá bhrí sin, tabharfaidh an Banc Ceannais gealltanais 25 faoin gcéad ar a laghad de na preiseisiúintí sin a aistriú, gan preaseisiúintí de chineál teicniúil nó preaseisiúintí a dhírítear ar mheáin speisialaithe san áireamh.

## 4.3 Gealltanais Bhreise Nua ón Dara Scéim

Sa mhír seo, tá sonraí na mbearta feabhsúcháin ar chuir an Banc Ceannais tús leo le linn an dara Scéim, ar bearta iad nár sonraíodh mar chuid den dara Scéim ag an uair a forbraíodh agus a daingníodh í. Leanfar leis na gealltanais sin le linn na Scéime seo.

### 4.3.1 Foilseacháin

(a) **An Ciste Réitigh Foras Creidmheasa**

Leanfaidh an Banc Ceannais d'áirithiú go mbeidh leagan Gaeilge de ráiteas airgeadais an Chiste Réitigh Foras Creidmheasa ar fáil ar iarratas.

(b) **Rátaí Malairte Eachtraí**

Leanfar de leagan dátheangach de shonraí rátaí malairte eachtraí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

### 4.3.2 An Príomh-Chlár Creidmheasa (CCR)

(a) **Suíomh Gréasáin CCR**

Maidir le suíomh gréasáin an Phríomh-Chláir Creidmheasa ([www.centralcreditregister.ie](http://www.centralcreditregister.ie)), a forbraíodh le linn thréimhse an dara Scéim, leanfar d'abhar a chur ar fáil i dtéacs an tsuímh i nGaeilge agus i mBéarla, agus déanfar amhlaidh le foilseacháin a chuirfear ar an suíomh gréasáin amhail bileoga eolais.

(b) **Iarratais CCR**

Beidh tomhaltóirí fós in ann aon cheann dá gcearta a fheidhmiú faoin Acht um Thuairisciú Creidmheasa 2013 i mBéarla nó i nGaeilge. Beidh tomhaltóirí fós in ann an próiseas chun tuairisc chreidmheasa, leasú nó ráiteas míniúcháin a iarraidh a thabhairt i gcrích i mBéarla nó i nGaeilge, mar aon le pearsanú amhrasta a thuairisciú.

### 4.3.3 Cumarsáid Sheachtrach

(a) **Mínithe do Thomhaltóirí**

Le linn thréimhse an dara Scéim, chruthaigh an Banc Ceannais mínithe do thomhaltóirí chun coincheapa seirbhíse airgeadais áirithe a shoiléiriú do thomhaltóirí. Foilsíodh cúig cinn de na mínithe sin i nGaeilge. Is ionann sin agus 24 faoin gcéad de na mínithe do thomhaltóirí atá anois ann. Tá sé beartaithe an gealltanais sin a mhéadú faoin Scéim seo.

### 4.3.4 An tIonad Cuairteoirí ar Champas na nDugáí

- (a) Osclaíodh Ionad nua Cuairteoirí an Bhainc Ceannais i Márta 2017 agus léiríodh dhá thaispeántas ar stair na n-airgeadraí (“Taispeántas an Euro” agus “an Punt, an Scilling agus an Neamhspleáchas”). I Márta 2018, osclaíodh taispeántas nua – “75 bliain ag forbairt: Scéal Bhanc Ceannais na hÉireann”. Is taispeántais dhátheangacha iad sin, agus le linn na Scéime seo, beidh aon taispeántas arna ndéanamh ag an mBanc Ceannais dátheangach.

### 4.3.5 Suíomhanna Gréasáin

- (a) Seoladh trí shuíomh gréasáin nua de chuid an Bhainc Ceannais le linn thréimhse an dara scéim - An Príomh-Chlár Creidmheasa ([www.centralcreditregister.ie](http://www.centralcreditregister.ie)), Boinn Inbhailithe ([www.collectorcoins.ie](http://www.collectorcoins.ie)) agus an Scéim Rátháíochta Taiscí ([www.depositguarantee.ie](http://www.depositguarantee.ie)). Beidh cumas dátheangach agus ábhar dátheangach fós ionsuite sna suíomhanna gréasáin.

### 4.3.6 Catalóg Chartlainne an Bhainc Ceannais

- (a) Seoladh an Chartlann Rochtana Poiblí ar líne de chuid an Bhainc Ceannais i Lúnasa 2017, agus leanfaidh sí de bheith ar fáil don phobal i nGaeilge. (Ní aistrítear iontrálacha catalóige i gcás gur teanga nach an Ghaeilge í an teanga bhunaidh).

## 4.4 Gealltanais Nua

Leagtar amach anseo sonraí na ngealltanais nua a chomhlíonfar le linn shaolré na Scéime seo.

### 4.4.1 Cumarsáid Sheachtrach

- (a) **Mínithe do Thomhaltóirí**  
Ó dháta tosaigh an tríú Scéim, foilseoidh an Banc Ceannais ar a laghad 40 faoin gcéad de na mínithe do thomhaltóirí i nGaeilge le linn shaolré na Scéime.
- (b) **Treoirleabhair do Thomhaltóirí**  
Le linn thréimhse an tríú Scéim, beidh aon Treoirleabhar do Thomhaltóirí a fhoilseoidh an Banc Ceannais ar fáil ar an suíomh gréasáin i mBéarla agus i nGaeilge. Cuirfear na trí Threoirleabhar do Thomhaltóirí atá ann cheana féin (atá ar fáil i mBéarla amháin faoi láthair) ar fáil i nGaeilge freisin.

### 4.4.2 Foilseacháin

- (a) **An Ciste Cúitimh Árachais**  
Le linn thréimhse an tríú Scéim, foilseofar an sliocht ón gCiste Cúitimh Árachais (ICF) i nGaeilge ar bhonn bliantúil ar an suíomh gréasáin.

### 4.4.3 Seirbhísí Airgeadra

- (a) **Foirm Malairte Airgeadra**  
Tógfar isteach foirm dhátheangach chun ainmníochtaí ardluacha a mhalartú agus cuirfear ar fáil í ar an suíomh gréasáin Gaeilge.

#### 4.4.4 Gearáin

- (a) Le linn thréimhse an tríú Scéim, glacfaidh an Banc Ceannais air féin an Gnáthamh chun Déileáil le Gearáin a chur ar fáil i nGaeilge ar an suíomh gréasáin.

#### 4.4.5 An Chairt Custaiméirí

- (a) Le linn thréimhse an tríú Scéim, glacfaidh an Banc Ceannais air féin an Chairt Custaiméirí a chur ar fáil i nGaeilge ar an suíomh gréasáin.

#### 4.4.6 Cartlanna

- (a) Le linn shaolré an tríú Scéim, cuirfear cóip chrua den bhileog faisnéise “FIOSRAIGH – Banc Ceannais na hÉireann - Cartlanna” ar fáil do dhaoine sa phobal, do thaighdeoirí agus do pháirtithe leasmhara eile.

### 4.5 Seirbhísí nach bhfuil ar fáil i nGaeilge

Leanfar de dhoiciméid agus de chumarsáid leictreonach ar leith chur ar fáil trí Bhéarla amháin. Orthu sin, tá doiciméid, cumarsáid nó seirbhísí de chineál speisialta nó teicniúil arna gcur ar fáil ag an eagraíocht nach bhfuil ceaptha le haghaidh an phobail i gcoitinne nó atá dírithe den chuid is mó ar thionscal.

Leanfar d’óráidí nó ráitis a chur ar fáil sa teanga ina dtugtar iad.

## Caibidil 5: Feabhas a chur ar Sholáthar Seirbhísí Gaeilge sa Ghaeltacht

### 5.1 Comhair Chreidmheasa sa Ghaeltacht

Níl oifig ag an mBanc Ceannais sa Ghaeltacht. Mar sin féin, bíonn sé ag plé le comhair chreidmheasa lonnaithe sa Ghaeltacht mar chuid dá ról rialála. Mar iarracht chun freastal ar riachtanais teanga na gcomhar creidmheasa sa Ghaeltacht, áiritheoidh Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa go mbeidh aon chomhfhreagras déthaobhach idir é agus na comhair chreidmheasa sin i nGaeilge nó dátheangach.

Sa bhreis air sin, leanfaidh Cláraitheoir na gComhar Creidmheasa de mheasúnú a dhéanamh ar fhoilseacháin eile, ar bhonn gach cáis ar leith, chun a n-oiriúnacht le haghaidh aistriúcháin go Gaeilge a mheas ar bhonn éilimh agus ar bhonn measúnaithe ar chostas/luach.

Mar a leagtar amach thíos i bpointe 6.2.2, déanfaidh an Banc Ceannais faireachán agus measúnú, i gcomhthéacs na hearcaíochta agus na hoiliúna, ar an éileamh ar chumas teicniúil sa Ghaeilge do chigireachtaí.

## Caibidil 6: Cumas Teanga a Fheabhsú

### 6.1 Earcaíocht

Is fostóir comhdheiseanna é an Banc Ceannais atá tiomanta d'aon fholúntais a líonadh ar bhealach éifeactúil, solúbtha. Lenár mbeartas earcaíochta, féachtar lena áirithiú go ndéantar earcaíocht agus roghnúchán i gcomhréir leis an reachtaíocht reatha agus le dea-chleachtas earcaíochta.

Tabharfar le tuiscint i nGaeilge i gcónaí i bhfógraí earcaíochta seachtracha agus i bhfógraí do chomórtais inmheánacha go nglacfar le hiarratais i nGaeilge i.e. beidh an líne seo a leanas mar chuid den fhógra: “Cuirfear fáilte roimh chomhfhreagrais i nGaeilge”.

Le linn thréimhse an tríú Scéim, tabharfar beart ionduchtúcháin do gach comhalta foirne nua ina mbeidh achoimre ar oibleagáidí an Bhainc Ceannais faoin Acht le cinntiú go bhfuil na comhaltaí foirne sin ar an eolas faoinár ngealltanais faoin reachtaíocht.

### 6.2 Oiliúint agus Forbairt

#### 6.2.1 Oiliúint sa Ghaeilge

Le linn thréimhse na Scéime seo, déanfaidh an Rannán um Forbairt Eagraíochtúil gach iarracht i gcónaí chun cuidiú cumas Gaeilge na foirne a neartú ar na bealaí seo a leanas:

- Rochtain na foirne ar chúrsaí aitheanta Gaeilge agus ar chúrsaí ríomhfhoghlama Gaeilge a éascú i gcás ina sainaithneofar riachtanais ghnó chuige sin. Tabharfar tosaíocht dóibh siúd ar dóigh go mbeidh cumas sa Ghaeilge uathu ina ról, agus ina theannta sin, déanfar freastal ar an éileamh ó rannáin i gcomhair oiliúint Ghaeilge intí. Cuirfear aon chúrsaí intí chun cinn trí mheán na Seirbhíse Bainistíochta Foghlama ar líne.
- Oiliúint sa Ghaeilge a éascú do chomhaltaí foirne a bhíonn ag plé go díreach leis an bpobal chun cur lena gcumas seirbhís dhátheangach a sholáthar don phobal.

Tá comhaltaí foirne áirithe sa Bhanc Ceannais a bhfuil inniúlacht sa Ghaeilge acu (agus tá freagrachtaí ar roinnt de na comhaltaí foirne sin maidir leis an nGaeilge).

#### 6.2.2 Cumas Teicniúil sa Ghaeilge le haghaidh Cigireachtaí

Le linn shaolré na Scéime, déanfaidh an Banc Ceannais measúnú ar cibé acu an bhfuil an leibhéal éilimh ar chumas teicniúil sa Ghaeilge do chigireachtaí sách láidir chun go ndéanfaí é a áireamh mar chritéar a bhreithneofaí le linn earcaíochta do ról áirithe i réimsí maoirseachta agus cigireachta.

#### 6.2.3 Grúpa Sóisialta Foirne

Tá grúpa sóisialta foirne bunaithe ag na comhaltaí foirne sin a bhfuil suim acu Gaeilge a labhairt agus feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge. Buaileann an grúpa sin le chéile gach mí agus leanfaidh an Banc Ceannais de na cruinnithe sin a éacsú.

## 6.3 Seirbhísí Aistriúcháin

Áiritheoidh an Rannán Cumarsáide go bhfuil aistritheoir cuí Gaeilge ag an mBanc Ceannais agus go bhfuil an fhoireann uile ar an eolas faoin tseirbhís sin.

Cuirfear liosta ar fáil de chuideachtaí a thairgeann seirbhísí aistriúcháin agus, ina theannta sin, tabharfar treoir agus comhairle don fhoireann maidir leis na cleachtais a bheidh le leanúint i bhfrúiliú na seirbhísí sin.

Beidh banc acmhainní d'fhoinsí téarmaíochta oifigiúla Gaeilge ar fáil go héasca do na comhaltaí foirne go léir agus do sholáthraithe ábhartha tríú páirtí.

## Caibidil 7: Faireachán agus Athbhreithniú

Mar chuid den mheasúnú leanúnach ar an Scéim, déanfaidh an Banc Ceannais faireachán ar líon iomlán na dtomhaltóirí/na gcustaiméirí a iarrfaidh seirbhís trí Ghaeilge. Beidh an Rannán Rúnaíochta Ginearálta (GSD) freagrach as feidhmiú na Scéime agus beidh teagmháil leanúnach aige leis an mbainistíocht líne i ngach rannán ina leith sin.

I ngach rannán de chuid an Bhainc Ceannais a bhfuil gealltanais aige faoin Scéim, beidh ionadaí ann a dhéanfaidh faireachán ar iarratais ar sheirbhísí trí Ghaeilge agus ar an dul chun cinn maidir le gach gealltanais faoin Scéim agus beidh an duine sin freagrach as tuairisc a chur chuig GSD maidir leis an bhfaisnéis sin gach sé mhí.

Laistigh de GSD, déanann an tOifigeach Gaeilge faireachán ar an leibhéal éilimh ar sheirbhísí trí Ghaeilge ar bhonn leanúnach agus ar chomhlíonadh na ngealltanais faoin gcéad Scéim de chuid na heagraíochta.

Ina theannta sin, déanann GSD faireachán ar aon iarratas ar sheirbhísí trí Ghaeilge a fhaigheann na rannáin sin nach bhfuil aon ghealltanais acu faoin Scéim sa chaoi gur féidir éileamh ar sheirbhís trí Ghaeilge a rianú.

Déanfaidh GSD fógraí leathbhliantúla a chur chuig Ceannasaithe Rannáin lena gcuirfear oibleagáidí an Bhainc Ceannais faoin Act i gcuimhne dóibh.

Ina theannta sin, cuirfear athbhreithniú bliantúil ar ghealltanais an Bhainc Ceannais faoin Scéim seo chuig Coimisiún an Bhainc Ceannais.

## Caibidil 8: Foilsiú na Scéime seo

### 8.1 An Pobal

Cuirfear ábhar, gealltanais agus forálacha na Scéime seo ar fáil don phobal trí mheán preaseisiúna agus cuirfear ar áit fheiceálach iad ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais.

De bhreis ar na bearta sin, tapóidh an Banc Ceannais gach deis ina chuid idirghabhálacha ó lá go lá leis an bpobal le linn thréimhse na Scéime seo chun na seirbhísí a chuireann sé ar fáil trí mheán na Gaeilge a chur chun cinn agus a phoibliú, ar na bealaí seo a leanas:

- Léireofar fógraí ag na fáiltithe ina gcuirfear na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil in iúl
- Taispeánfar liosta de na seirbhísí sin go soiléir ar shuíomh gréasáin an Bhainc Ceannais
- Beidh fonótaí ar bhileoga eolais agus ar fhoirmeacha iarratais ina léireofar go bhfuil leaganacha Gaeilge díobh ar fáil freisin (i gcásanna nach mbeidh ábhar dátheangach ar fáil laistigh d'aon chlúdach amháin).

## 8.2 Cumarsáid Inmheánach

Cuirfear eolas ar fáil do na comhaltaí foirne go léir roimh thosach feidhme an tríú Scéim chun ár ngealltanais faoin Scéim a chur in iúl dóibh agus chun iad a spreagadh chun tacaíocht a thabhairt ina leith sin. Leanfaidh an Banc Ceannais d'áirithiú go gcuirfear comhaltaí foirne nua ar an eolas maidir le hoibleagáidí an Bhainc Ceannais faoin Acht. Beidh leathanach tiomanta ar inlíon an Bhainc Ceannais freisin a fheidhmeoidh mar thairseach faisnéise maidir le hAcht na dTeangacha Oifigiúla.

Seoladh cóip den Scéim chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

T: +353 (0)1 224 6000  
E: [olaservices@centralbank.ie](mailto:olaservices@centralbank.ie)  
[www.centralbank.ie](http://www.centralbank.ie)



Banc Ceannais na hÉireann  
Central Bank of Ireland

---

Eurosystem